2024/1908

8.7.2024

**CINNEADH (CBES) 2024/1908 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an 4 Iúil 2024**

**maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar mhisean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint a chur ar fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2023/615 (EUTM Somalia/2/2024)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2010/96/CBES ón gComhairle an 15 Feabhra 2010 maidir le misean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint a chur ar fhórsaí slándála na Somáile ([1]), agus go háirithe Airteagal 5 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Feabhra 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/96/CBES, lenar bunaíodh misean míleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint a chur ar fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia).

(2) De bhun Airteagal 5(1) de Chinneadh 2010/96/CBES, tá an Coiste Polaitiúil agus Slándála chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach EUTM Somalia a fheidhmiú, agus údaraíonn an Chomhairle an Coiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, lena n-áirítear cinntí maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar EUTM Somalia..

(3) An 14 Márta 2023, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2023/615 ([2]), lena gceaptar an Briogáidire-Ghinearál Fulvio POLI mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM Somalia ón 23 Márta 2023.

(4) An 17 Bealtaine 2024, mhol údaráis mhíleata na hIodáile an Briogáidire-Ghinearál Giuseppe ZIZZARI a cheapadh i gcomharbas ar an mBriogáidire-Ghinearál Fulvio POLI mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM Somalia (‘an ceapachán molta’).

(5) An 4 Meitheamh 2024, thacaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an gceapachán molta agus chomhaontaigh sé go gceapfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála an Briogáidire-Ghinearál Giuseppe ZIZZARI mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM Somalia amhail ón 11 Iúil 2024.

(6) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an mBriogáidire-Ghinearál Giuseppe ZIZZARI a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM Somalia.

(7) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2023/615 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar an Briogáidire-Ghinearál Giuseppe ZIZZARI mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar mhisean míleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le hoiliúint a chur ar fhórsaí slándála na Somáile (EUTM Somalia) ón 11 Iúil 2024.

*Airteagal 2*

Leis seo, aisghairtear Cinneadh (CBES) 2023/615.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 11 Iúil 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Iúil 2024.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*

*An tUachtarán*

D. PRONK

---

([1]) IO L 44, 19.2.2010, lch. 16.
([2]) IO L 80, 20.3.2023, lch. 94.